SAMHRADH **2021**

Rewarding Learning

SEIRBHÍS IAR-THORTHAÍ CCEA:
TREOIR DO DHALTAÍ AGUS DO THUISMITHEOIRÍ

FOILSÍODH DEN CHÉAD UAIR MEITHEAMH 2021

Focail agus Frásaí Rí-Thábhachtacha

Lárionad

Is é an **lárionad** agat ná an scoil nó an coláiste a raibh tú ag déanamh staidéir ann, agus a chuir do ghráid isteach chuig CCEA.

Grád a Chinneann Lárionad (CDG)

Is é is **Grád a Chinneann Lárionad (CDG)** ann ná an grád a chuir do scoil nó do choláiste faoi bhráid CCEA bunaithe ar fhianaise chuí.

Polasaí um Ghráid a Chinneann Lárionaid

An **polasaí um Ghráid a Chinneann Lárionaid** atá ag do scoil nó do choláiste, míníonn sé an fhianaise a d'úsáid siad agus an dóigh ar chinn siad do ghráid.

An tSeirbhís Iar-Thorthaí

Cuireann CCEA an **tSeirbhís Iar-Thorthaí** ar fáil le cuidiú leat iarratas a dhéanamh athbhreithniú a fháil ar ghrád má mhothaíonn tú go bhfuil sé mícheart.

Achomharc tosaíochta

Má tá áit ardoideachais ar feitheamh agat, is féidir leat **achomharc tosaíochta** a iarraidh. Mar shampla, má tá tú ag fanacht le háit ar ollscoil, seo an chéad seirbhís ar chóir duit úsáid a bhaint aisti.

Breithiúnas iomlánaíoch

Nuair a úsáideann muid an téarma **breithiúnas iomlánaíoch**, is é atá i gceist ná feidhmíocht a mheasúnú thar réimse fianaise seachas gan ach áireamh a dhéanamh.

Cad é an t-eolas atá de dhíth orm?

Thacaigh CCEA le scoileanna agus le coláistí lena chinntiú go bhfuil breithiúnais ghairmiúla do mhúinteoirí ag léiriú an chaighdeáin ar a raibh tú ag feidhmiú, ionas go dtig leat muinín a bheith agat as na gráid a bronnadh. Agus sin ráite, mar a bhíonn amhlaidh gach bliain, b'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh locht a fháil ar an ghrád a fuair tú ar lá na dtorthaí:

- Lá na dtorthaí don leibhéal A/AF (A/AS) agus Teastas Éifeachtachta Pearsanta (CoPE) – Dé Máirt 10 Lúnasa 2021
- TGMO (GCSE), lá na dtorthaí do Staidéir Gairme, Gairmcháilíochtaí agus Cáilíochtaí Leibhéil Iontrála – Déardaoin 12 Lúnasa 2021

Cuireann CCEA an tseirbhís seo ar fáil ionas gur féidir tabhairt faoi earráidí go gasta agus go héifeachtúil agus, más cuí, iad a cheartú a luaithe agus is féidir. Is féidir leat úsáid a bhaint as Seirbhís Iar-Thorthaí CCEA má bhíonn tú míshásta leis an Ghrád/na Gráid a Chinneann Lárionad as siocair go gcreideann tú:

- go raibh **earráid riaracháin** ann;
- **nár chloígh** do scoil nó do choláiste **leis an nós imeachta cheart**; agus/nó
- go raibh **breithiúnas acadúil míréasúnta** ann.

Féach **Aguisín 1** le forléargas a fháil ar an phróiseas. Ní ghearrfar **táille ar bith** as achomharc a chur isteach.

Níor chóir duit úsáid a bhaint as an tSeirbhís Iar-Thorthaí ach má shíleann tú go ndeachaigh rud éigin ar strae agus do ghrád á oibriú amach. Níor chóir duit úsáid a bhaint as an tseirbhís gan fáth ar bith ach nach n-aontaíonn tú leis an ghrád a thug do scoil nó do choláiste duit, nó gur dóigh leat go bhfuil grád níos airde tuillte agat.

I mbliana, beidh an tSeirbhís Iar-Thorthaí ag díriú isteach ar na breithiúnais iomlánaíocha a rinne do scoil nó do choláiste. Is é a bheidh ann ná athbhreithniú ar do ghrád, bunaithe ar an réimse fianaise a d'úsáid do scoil nó do choláiste agus iad ag teacht ar chinneadh.

Má tá tú ag iarraidh athbhreithniú a fháil, ba chóir duit an cur chuige atá leagtha amach sa treoir seo a leanúint.

Lá na dtorthaí don leibhéal A/AF (A/AS) agus Teastas Éifeachtachta Pearsanta (CoPE) – Dé Máirt 10 Lúnasa 2021

TGMO (GCSE), lá na dtorthaí do Staidéir Gairme, Gairmcháilíochtaí agus Cáilíochtaí Leibhéil Iontrála – Déardaoin 12 Lúnasa 2021

Ní ghearrfar táille ar bith as achomharc a chur isteach.

An dóigh a bhfeidhmíonn an tSeirbhís Iar-Thorthaí

Tá **dhá chéim** ann:

Is Athbhreithniú Lárionaid é Céim 1.

Ní mór duit iarratas a chur isteach chuig do scoil nó do choláiste faoi choinne Athbhreithniú Lárionaid mar an chéad chéim sa tSeirbhís Iar-Thorthaí. Amharc ar an tsampla den Fhoirm Thaiscthe maidir leis an tSeirbhís Iar-Thorthaí in **Aguisín 2**; beidh leagan idirghníomhach ar fáil ar an tsuíomh ghréasáin de chuid CCEA. Ar an fhoirm seo, ba cheart duit an fáth a síleann tú go raibh meancóg déanta maidir le do ghrád a chur san áireamh, ach ní chaithfidh tú cuid mhór eolais nó fianaise bhreise a chur ar fáil. Má tá cuidiú de dhíth ort leis an fhoirm a chomhlánú, labhair le do scoil nó do choláiste le do thoil.

Ní mór do do scoil nó do choláiste an t-athbhreithniú a chur i gcrích má iarrann tú.

Is féidir Athbhreithniú Lárionaid a fháil ar dhá chúis:

1. Rinne do scoil nó do choláiste **earráid riaracháin** nuair a chinn siad do ghrád.

   Mar shampla, cuireadh grád contráilte isteach, nó baineadh úsáid as marc measúnaithe contráilte nuair a cinneadh do ghrád.

2. **Níor chloígh do scoil nó do choláiste leis an nós imeachta cheart.**

   Mar shampla, níor chuir siad dearbhú cáilíochta de réir a bpolasaí um Ghráid Lárionad-Chinnte i gcrích, níor chuir siad oiriúnuithe réasúnta nó oiriúnuithe rochtana ar fáil duit maidir le measúnú nuair a bhí tú i dteideal orthu, nó níor chuir siad machnamh speisialta san áireamh

Nuair a bheidh an t-Athbhreithniú Lárionaid curtha i gcrích ag do scoil nó do choláiste, cuirfidh siad ar an eolas thú faoin toradh. Is féidir le do ghrád dul suas, dul síos nó fanacht mar an gcéanna.

Tabhair do d'aire le do thoil, má tá sé ar intinn agat achomharc bunaithe ar bhreithiúnas acadúil míréasúnta a iarraidh, beidh ort Céim 1 a dhéanamh go fóill: Athbhreithniú Lárionaid ar dtús.

An dóigh a bhfeidhmíonn an tSeirbhís Iar-Thorthaí (Ar Lean)

Is Achomharc chuig an Eagraíocht Bronnta CCEA (EB) é Céim 2

Má tá tú míshásta le toradh an Athbhreithnithe Lárionaid, nó má tá sé ar intinn agat achomharc bunaithe ar bhreithiúnas acadúil míréasúnta a iarraidh, is é Céim 2 an chéad rogha eile atá de dhíth ort: Déan achomharc chuig EB CCEA.

Ní féidir le do scoil nó do choláiste achomharc Céim 2 a chur isteach **ach amháin má tá Céim 1 curtha i gcrích: Athbhreithniú Lárionaid**. Má chuireann tú iarratas faoi choinne Céim 2 isteach: Déan achomharc chuig EB CCEA, ní mór do do scoil nó do choláiste é seo a chur isteach ar do shon. Leis an rud seo a dhéanamh, ní mór duit an dara cuid den Fhoirm Thaiscthe Iar-Thorthaí a chomhlánú, an fáth a bhfuil tú ag iarraidh achomharc a fháil - thig le do scoil nó do choláiste tacú leat agus cuirfidh siad an t-iarratas isteach chuig CCEA ar do shon.

D'fhéadfá achomharc a dhéanamh chuig EO CCEA ar cheithre chúis:

1. Rinne do scoil nó do choláiste **earráid riaracháin** nuair a chinn siad do ghrád, rud nár réitíodh le linn Athbhreithniú Lárionaid.

2. **Níor chloígh do scoil nó do choláiste leis an nós imeachta cheart**, mar a bhí déanta agat ag an chéim Athbhreithniú Lárionaid nó nuair a cuireadh an t-Athbhreithniú Lárionaid i gcrích.

3. **Rinne EO CCEA earráid riaracháin.**
   Mar shampla, leasaíodh an grád go mícheart ag CCEA le linn próiseála agus eisiúna na ngrád.

4. Rinneadh **breithiúnas acadúil míréasúnta** ag do scoil nó do choláiste nuair a chinn siad do ghrád:
   - fianaise a roghnú nach raibh mar chuid dá bpolasaí um Ghráid a Chinneann Lárionad; agus/nó
   - measúnú a dhéanamh ar d'fhianaise go míréasúnta agus do ghrád á chinneadh.

Sula ndéanann tú cinneadh cé acu a chuirfidh tú isteach Céim 2: Déan achomharc chuig do EB CCEA, thig leat ceist a chur an fhianaise a fheiceáil a d'úsáid do scoil nó do choláiste lena gcinneadh a dhéanamh.

Bainisteoidh CCEA an próiseas seo agus cuirfidh do scoil nó do choláiste tú ar an eolas faoin toradh. Is féidir le do ghrád dul suas, dul síos nó fanacht mar an gcéanna.

Cad é an rud breithiúnas míréasúnta acadúil?

In 2021, tá gach scoil nó coláiste freagrach as gráid a chinneadh dá gcuid mac léinn – tá an tsolúbthacht acu cinneadh a dhéanamh faoin dóigh is fearr grád gach mic léinn a mheasúnú bunaithe ar an fhianaise atá acu. Pléifidh do scoil nó do choláiste réimse fianaise le cinneadh a dhéanamh faoin léiriú is fearr ar do chuid oibre.

Ní thig le CCEA ach amharc ar an fhianaise atá pléite ag do scoil nó do choláiste – cuirfidh a bpolasaí CDG síos ar an dóigh ar cinneadh na gráid a bronnadh ort. Déanfaidh CCEA cinneadh ansin cé acu atá an grád a tugadh duit réasúnta nó míréasúnta. Ní dhéanfaidh sé measúnuithe a athmharcáil. Tabhair faoi deara, le do thoil:

- gurb é is breithiúnas réasúnta ann ná breithiúnas a bhfuil tacaíocht fianaise leis; agus
- nach mbeidh breithiúnas míréasúnta go simplí mar go measann tú gur chóir grád eile a bhronnadh, fiú má chreideann tú go bhfuil fianaise tacaíochta agat.

Ní mheasfar grád a bheith míréasúnta ach amháin mura dtacaíonn an fhianaise atá in úsáid ag do scoil nó do choláiste go soiléir leis an ghrád a bronnadh.

Má fhaigheann CCEA amach go bhfuil grád míréasúnta, bronnfaidh muid grád úr a mheasann muid is fearr a léiríonn an fhianaise atá feicthe againn.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Má tá tú go fóill míshásta leis an toradh i ndiaidh Céim 2: Déan achomharc chuig do EB CCEA, agus ansin is féidir atreorú a dhéanamh chuig an tSeirbhís Athbhreithnithe um Nós Imeachta na Scrúduithe (EPRS), a fheidhmíonn gach bliain agus a bhíonn á reáchtáil ag Rialachán CCEA[1].

Seo an chéim dheireanach den phróiseas achomhairc. Seiceálfaidh Rialachán CCEA le feiceáil ar lean Eagraíocht Bhronnta CCEA a cuid nósanna imeachta agus a cuid riachtanas rialála. Ní dhéanfaidh sé athbhreithniú ar cé acu a lean do scoil nó do choláiste an próiseas ceart, ná ní dhéanfaidh sé athbhreithniú ar chruinneas an chinnidh ghrádaithe nó ar chruinneas aon athrú grád.

[1] Is é Rialachán CCEA feidhm neamhspleách taobh istigh de CCEA atá freagrach as dearbhú cáilíochta na gcáilíochtaí curtha ar fáil i dTuaisceart Éireann (TÉ).

Cad é a chaithfidh mé a dhéanamh?

Nuair a bheidh do chuid torthaí faighte agat agus sula ndéanann tú cinneadh achomharc a iarraidh, smaoinigh go cúramach an síleann tú gur cheart duit an tSeirbhís Iar-Thorthaí a úsáid, ag baint leas as na fáthanna atá leagtha amach thuas againn.

Le cuidiú leat cinneadh a dhéanamh cé acu a iarrfaidh tú Athbhreithniú Lárionaid nó Achomharc ar Eagraíocht Bhronnta CCEA nó nach n-iarrfaidh, thig leat iarraidh ar do scoil nó do choláiste an t-eolas seo a leanas a roinnt leat:

- a bpolasaí um Ghráid a Chinneann Lárionad (GCL);
- an fhianaise a úsáidtear le do GCL a chinneadh, mar aon le haon mharcanna nó gráid aonair; agus
- sonraí a bhaineann le haon ghnéithe speisialta a d'fhéadfaí a thabhairt san áireamh agus do ghrád á chinneadh.

I ndiaidh duit na hábhair seo a fháil, má chinneann tú Athbhreithniú Lárionaid nó Achomharc a iarraidh ar EB CCEA, ba cheart duit an Fhoirm Thaiscthe don tSeirbhís Iar-Thorthaí a chur isteach chomh luath agus is féidir.

Ba mhaith liom go ndéanfaí achomharc ar mo ghrád mar:			
	1. Bhí earráid riaracháin ann.	**Céim 1:** Athbhreithniú Lárionaid	**Céim 2:** Achomharc chuig EO CCEA
	2. Níor lean mo scoil/ choláiste a nós imeachta.	**Céim 1:** Athbhreithniú Lárionaid	**Céim 2:** Achomharc chuig EO CCEA
	3. An breithiúnas acadúil a rinneadh air, bhí sé míréasúnta.	**Céim 1:** Athbhreithniú Lárionaid (seiceáil riaracháin/nós imeachta)	**Céim 2:** Achomharc chuig EO CCEA
	4. Rinne an EO CCEA earráid riaracháin.	**Céim 1:** Athbhreithniú Lárionaid (seiceáil riaracháin/nós imeachta)	**Céim 2:** Achomharc chuig EO CCEA

Cad iad na spriocdhátaí?

Ní mór duit na spriocdhátaí seo a leanas a bhaint amach sa dóigh is gur féidir le do scoil nó do choláiste agus CCEA achainí a phróiseáil a luaithe agus is féidir.

Le haghaidh achomharc tosaíochta:

Má bhraitheann d'áit ardoideachais nó ollscoile ar thoradh Achomhairc go EB CCEA, déanfaidh do scoil/do choláiste achomharc tosaíochta. Ní mór go seolfar seo go CCEA faoin **23ú Lúnasa 2021**. Ba chóir duit cur in iúl don ollscoil nó don tsoláthróir eile go bhfuil tú ag déanamh achomhairc sa dóigh is gur féidir leo cinneadh ar an dóigh a bpléifí le do thairiscint.

Is mar seo a leanas atá an amlíne le haghaidh achomharc tosaíochta:

10ú Lúnasa go 16ú Lúnasa	Ba chóir duit **iarratas a chur isteach** le haghaidh Athbhreithniú Lárionaid.
10ú Lúnasa go 20ú Lúnasa	**Déanfaidh** do scoil nó do choláiste **Athbhreithniú Lárionaid** a **chomhlánú**.
10ú Lúnasa go 23ú Lúnasa	Is féidir le do scoil nó do choláiste **Achomharc Tosaíochta a chur isteach go EB CCEA**.

Le haghaidh achomharc neamhthosaíochta:

Má tá áit ardoideachais ar feitheamh agat, is féidir leat achomharc tosaíochta a iarraidh. Mura bhfuil tú ag brath ar thoradh achomhairc le háit a fháil le soláthraí ardoideachais, ach gur mhaith leat Achomharc a iarraidh ar EB CCEA, ní mór don lárionad agat é seo a chur isteach faoin **17 Meán Fómhair 2021**.

Is é seo a leanas an amlíne d'achomhairc nach bhfuil tosaíocht leo:

10 Lúnasa go dtí 3 Meán Fómhair	Ba chóir duit **iarratas a chur isteach** le haghaidh Athbhreithniú Lárionaid.
10 Lúnasa go dtí 10 Meán Fómhair	**Déanfaidh** do scoil nó do choláiste **Athbhreithniú Lárionaid** a **chomhlánú**.
10 Lúnasa go dtí 17 Meán Fómhair	Is féidir le do scoil nó do choláiste **Achomharc a chur isteach go EB CCEA**.

Cá háit a dtig liom cuidiú a fháil?

Má tá cuidiú de dhíth ort i ndiaidh duit do chuid grád a fháil, ba choir duit teagmháil a dhéanamh le do scoil nó do choláiste sa chéad áit – beidh siadsan in ann comhairle a thabhairt duit ar cad é ba chóir duit a dhéanamh ansin agus tacaíocht a thabhairt duit tríd an phróiseas.

Má tá tú ag fanacht ar thorthaí A-leibhéil agus ní leor an grád a fhaigheann tú leis an tairiscint ón ollscoil a shásamh, ná bíodh imní ort – tá rudaí ann is féidir leat a dhéanamh. Thig leat:

- dul i dteagmháil le do scoil nó do choláiste;
- dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Gairmeacha trí ghlaoch ar 0300 200 7820, trí ríomhphost nó webchat ar www.nidirect.gov.uk/campaigns/careers; agus/nó
- dul i dteagmháil leis an oifig iontrála den ollscoil agat.

Thig leat roinnt nasc úsáideach a fháil fosta ar shuíomh gréasáin CCEA ag www.ccea.org.uk, agus thiocfadh leat úsáid a bhaint as Líne Chuidithe CCEA trí ríomhphost a chur chuig helpline@ccea.org.uk nó trí ghlaoch ar (028) 9026 1220.

SEIRBHÍS IAR-THORTHAÍ CCEA:
TREOIR DO DHALTAÍ AGUS DO THUISMITHEOIRÍ

Aguisín 1: Forléargas ar an Phróiseas



Aguisín 2: Sampla d'Fhoirm Thaiscthe Iar-Thorthaí

Important Information for Students

What may happen to your grade during the Centre Review and Appeal to CCEA Awarding Organisation?

If you ask your school or college to undertake a Centre Review of your grade, or if you subsequently ask for an appeal to be submitted to CCEA Awarding Organisation (AO), there are three possible outcomes:

- your original grade goes down, so your final grade may be lower than the original grade you received;
- your original grade stays the same, so there is no change to your grade; or
- your original grade goes up, so your final grade may be higher than the original grade you received.

To initiate a Centre Review, you must complete the form below. You can sign the form with an electronic, handwritten or typed signature. This confirms to your school or college that you have understood what the outcome might be, at any stage of the Centre Review and appeals process, and that you give your consent to a Centre Review and, should you wish, a subsequent Appeal to CCEA AO. A Centre Review or appeal cannot be withdrawn once a finding has been made.

If you believe an error persists once you have received the outcome of the Centre Review and you wish to progress to an Appeal to CCEA AO, you should discuss this as soon as possible with your school or college and ask them to submit your appeal on your behalf. CCEA AO needs to receive an application for appeal from your school or college by **23 August 2021** for priority appeals (those with higher education places pending the outcome of an appeal) or **17 September 2021** for non-priority appeals.

What is a priority appeal?

A priority appeal is for students whose higher education place is pending the outcome of an appeal. You should inform your preferred higher education provider that you have requested a Centre Review or Appeal to CCEA AO.

What is your UCAS personal identifier?

Your UCAS personal identifier is the 10 digit code included in all correspondence from UCAS. This is needed to confirm that a student's place is pending the outcome of an appeal.

SEIRBHÍS IAR-THORTHAÍ CCEA:
TREOIR DO DHALTAÍ AGUS DO THUISMITHEOIRÍ

Stage 1 – Centre Review

A. Student Request

This section is to be completed by the **student**.
If you need help completing this section, please speak to your school or college.

Centre Name		**Centre Number**	
Student Name		**Candidate Number**	

Qualification title including level, e.g. GCSE			
Centre Determined Grade issued			
Are you applying for a priority appeal?	☐ Yes ☐ No	**If Yes, provide your UCAS personal identifier.**	

Grounds for Centre Review
Please tick the grounds upon which you wish to apply for a Centre Review.

Administrative error by the centre	☐	Centre did not follow their procedure	☐

Supporting evidence
Please provide a short explanation of what you believe went wrong and how you think this has impacted your grade.

Acknowledgement

I confirm that I am requesting a Centre Review for the qualification named above and that I have read and understood the information provided in the Important Information for Students section above. In submitting this review, I am aware that:

- the outcome of the review may result in my grade going up, going down or staying the same; and
- the next stage (Stage 2 – Appeal to CCEA AO) may only be requested once the Centre Review (Stage 1) has been requested and concluded.

Student Name	Student Signature	Date

SAMPLE

B. Centre Review Outcome

This section is to be completed by the **centre**.

Centre Review Outcome Please tick the outcome of the review.			
Upheld	☐	Not upheld	☐
Original Centre Determined Grade	☐	Revised Centre Determined Grade	☐

Information considered by the centre Please provide a short explanation of the evidence that you have reviewed.

Rationale for the outcome of the Centre Review Outline the centre's findings from the Centre Review including, where appropriate, rationale for any proposed grade change.

Authorisation and dates of next stages			
Name of authoriser		Date submitted to CCEA AO if appropriate	
Date CCEA AO decision and rationale issued to student		Date student informed of Stage 2 submission	

SAMPLE

Stage 2 – Appeal to CCEA AO

This section is to be completed by the **student**.
If you need help completing this section, please speak to your school or college.

Grounds for Appeal Please tick the grounds upon which you wish to appeal.	
1. Administrative error by CCEA AO	☐
2. Administrative error by the centre	☐
3. Centre did not follow their procedure	☐
4. Unreasonable exercise of academic judgement	
a. Selection of evidence	☐
b. Determination of Centre Determined Grade	☐

Supporting evidence
Please provide a short explanation of what you believe went wrong and how you think this has impacted your grade.

SAMPLE

Acknowledgement

I confirm that I am requesting an appeal for the qualification named above and that I have read and understood the information provided in the Important Information for Students section above.

- I am aware that the outcome of the appeal may result in my grade going up, going down or staying the same.
- I understand that there is no further opportunity to appeal to CCEA AO and that the next stage would be to contact the regulator. CCEA AO will include the next appropriate steps, where applicable, in its appeal outcome letter.

Student Name	**Student Signature**	**Date**